

Fiche Blian ag Fás mar Shaothar Litríochta

Diarmuid Ó Sé

(CATHAOIRLEACH: LIAM MAC AMHLAIGH)

Lá mór ab ea an seachtú lá fichead do mhí Lúnasa 1923. B’in é an lá go raibh an chéad olltoghchán aige Saorstát Éireann. Fé mar a tharla sé, bhí fear óg ó Londain gurbh ainm do George Thomson i nDaingean Uí Chúis an lá san agus é ag fiafraí i dtaobh dul isteach go dtí an mBlascaod Mór. Cuireadh in aithne é do dhaoine ón Oileán a bhí sa Daingean agus chuaigh sé siar faró-thu níos déanaí tráthnóna go Dún Chaoin. Bhí Rí an Oileáin, Pádraig Ó Catháin, nó Peats Mhíci mar a thugtaí air, ar dhuine dosna fearaibh a bhí ag rámháiocht na naomhóige a thug Thomson isteach, do réir cuntas a thug a iníon i bhfad ina dhiaidh sin, agus b’fhéidir go raibh a chliamhain, Maidhc Léan Ó Guithín, ar dhuine eile acu. Pé scéal é, is i dtigh Mhaidhc Léan a bhí lóistín curtha in áirithe do Thomson. Thall i Londain a moladh an tigh sin do. Bhí bliain caite aige Thomson in King’s College, Cambridge, agus é ag gabháil dosna teangacha clasaiceacha. Fuair duine dá theagascóirí amach go raibh suim aige sa Ghaelainn chomh maith, agus go raibh sé á foghlaim ó bhí sé ar an meánscoil, agus stiúraigh sé go dtí Robin Flower é, a bhí ina LeasChoimeádaí Lámhscríbhinní i Músaem na Breataine. Bhí Flower ag siúl ar an mBlascaod le fada agus is sa tigh áirithe sin a bhíodh sé ag fanacht.

Ar a shlí aníos ón gcaladh go dtí an dtigh lóistín casadh buachaill ón Oileán ar Thomson a bhí ar comhaos leis féin, agus dheineadar beagáinín cainte lena chéile. Bhí fiche blian slán aige Thomson le cúpla seachtain anuas, agus bhí an buachaill eile seo, Muiris Ó Súilleabháin nó Maras Sheán Lís, sé mhí níos óige ná é. Sé seachtaine a chaith Thomson san Oileán agus is i dteannta Mhuiris a chaith sé cuid mhuar don am san. D’fhás an caradas eatarthu as san amach agus is as

an gcaradas san a tháinig an leabhar *Fiche blian ag fás* (1933) deich mbliana ina dhiaidh sin, cheithre fichid blian ó shin i mbliana. Sin é an fáth go bhfuilim ag caint libh anocht mar gheall ar an leabhar san. Lean George Thomson, nó Seoirse Mac Tomáis mar a thugadh sé air féin as Gaelainn, lean sé air ag tabhairt turais-eanna ar an mBlascaod anuas go dtí 1926. Suas le sé seachtaine sa tsamhradh, agus turas níos giorra Nollaig amháin, do réir dealraimh. Sin uile: chúig thuras ar a mhéid in imeacht cheithre mbliana. An bhliain deiridh sin, 1926, go raibh Seoirse sa Bhlascaod, bhí Muiris ag faire ar bheith ag imeacht go Meirice, mar a raibh deartháir agus deirfiúr do cheana, mar aon le scata don ndream gur fhás sé suas ina measc. Ach bhí Seoirse ag tathant air a mhalairt a dhéanamh, is é sin dul go Baile Átha Cliath agus liostáil sna Gardaí Síochána, mar a raibh fáilte fé leith anois roim iarrthóirí ón nGaeltacht. Ar deireadh ghéill Muiris do chomhairle a chara agus dh'fhág sé an tOileán ar an 13ú lá do Mhárta 1927, gan focal a rá le haoinne lasmuigh dá thigh féin. I naomhóg an Rí a chuaigh sé amach, ach níor scaoil sé a rún leis cé gur léir ón gcuntas gur bhraith an Rí go raibh seift éigin ar bun aige Muiris (193). Bhí Seoirse roimis ag an stáisiún i mBaile Átha Cliath (213), mar bhí an bhliain sin á chaitheamh i gColáiste na Tríonóide aige agus leabhar á scríobh aige mar gheall ar litríocht na Sean-Ghréige. Tar éis a chuid oiliúna mar Gharda cuireadh Muiris siar go hIndreabhán agus ina dhiaidh sin aistríodh ar an gCeathrú Rua é, mar ar chaith sé an chuid eile dá shaol.

An chéad bhliain a bhí Seoirse sa Bhlascaod, 1923, bhí triúr i mbun pinn san Oileán: Tomás Crithin, seanuncail Mhuiris, duine acu; Mícheál Pheig Sayers, cara mór le Muiris, duine eile acu; agus deirfiúr do Mhuiris, Eibhlín nó Neilí, a bhí ag scríobh dialainne an bhliain sin, an tríú duine. Bhíodh Tomás Dhónaill ag tathant ar Mhuiris agus ar Mhícheál an peann a tharrac chucu, ach ní ró-shásta a bhí Muiris lena chuid iarrachtaí, do réir dealraimh. Is é leabhar a sheanuncail, *An tOileánach*, a foilsíodh sa mbliain 1929, a chuir ar an mbóthar ceart é, mar aon le mórán spreagadh ó Sheoirse. Chaith Seoirse na blianta 1931 go 1934 sa Ghaillimh, mar léachtóir le Gréigis. An chéad bhliain go raibh sé ann thagadh Muiris isteach go dtí an gcathair uair sa choicíos, ar an nDomhnach, agus chaitheadh an bheirt acu an lá ag gabháil trína raibh scríte aige Muiris. Scríobh Muiris dhá chóip dá shaothar do lámh. Ní mhaireann an chéad cheann acu so. Deir nóta a chuir Seoirse leis an dara dréacht, agus é ag tagairt don chéad dréacht, 'This draft is not extant'. Is é is dóichí gur scrios Muiris an chéad dréacht san, le barr míshásaimh. 527 leathanach atá sa dara dréacht, atá sa Leabharlann Náisiúnta anois. Bhronn Seoirse Mac Tomáis ar an Leabharlann é sara bhfuair sé bás sa mbliain 1987. Ghaibh Seoirse tríd an dara dréacht so go mion, agus tá a chuid marcanna eagarthóireachta le feiscint ar fuaid na lámhscríbhinne. D'fhág sé focail, abairtí agus sleachta, cuid acu fada go leor, ar lár nuair a dhein sé clóscríbhinn don saothar. 234 leathanach atá san eagrán atá ar fáil fé láthair.